# Tuarascáil ar an Chomhshaol a bhaineann le Cuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla; Mír 6.5 de Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024

**De réir Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 arna leasú.**

**13ú Aibreán 2018**

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# CLÁR NA nÁBHAR


1 Réamhrá ... 1

2 Roghanna Malartacha Réasúnta ... 7

3 Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (MSC) ar Chuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Mír 6.5 ... 10

4 Conclúid ... 13


# LIOSTA NA dTÁBLAÍ


Tábla 1.1: Céimeanna i bPróiseas MSC ... 3

Tábla 1.2: Catagóirí Measúnachta ... 4

Tábla 1.3: Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil ... 4

Tábla 2.1: Measúnacht ar Roghanna Malartacha Réasúnta ... 8

Tábla 3.1: Measúnacht ar Chuid B: Aguisín 3; Treoirlínte agus Caighdeáin Theicniúla, Mír 6.5 ... 11

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Foilsíodh Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (dá ngairfear Dréacht PFC as seo amach), Tuarascáil ar an Chomhshaol agus Measúnacht Chuí ina dhiaidh seo ar feadh tréimhse chomhairliúcháin phoiblí ón 19 Bealtaine 2017 go dtí an 1 Meán Fómhair 2017, an dá lá san áireamh. Le linn thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an Dréacht PFC, Tuarascáil ar an Chomhshaol agus Measúnacht Chuí, cuireadh isteach 312 aighneacht/tuairim san iomlán lena n-áirítear 20 acu a chuir údaráis fhorordaithe isteach, 275 a chuir an pobal i gcoitinne isteach, 8 gcinn ó chomhaltaí tofa agus ó ghrúpaí comhaltaí tofa agus roinnt tuairimí tras-stiúrthóireachtaí.

I dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, dar dáta mí Dheireadh Fómhair 2017, rinneadh achoimre agus freagairt ar gach ceann de na haighneachtaí/tuairimí seo. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil seo, ag cruinniú atrátha den Chomhairle a bhí ar siúl ar an 13 de mhí na Nollag 2017, mhol na Comhaltaí Tofa, roinnt athruithe ar an Dréachtphlean lena n-áirítear 40 Athrú Ábhartha a moladh agus ba ghá iad a chur ar fáil faoi choinne comhairliúcháin phoiblí, de réir cheanglais Alt 12(7) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

Tá an t-athbhreithniú ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 faoi réir Measúnachta Cuí (MC) agus Measúnachta Straitéisí Comhshaoil (MSC) (dá dtagraítear i ndáil leis an bpróiseas seo mar Mheasúnacht ar an Chomhshaol (MC) fosta ar fud phróiseas an phlean forbartha. Cuireadh aguisín i dtoll a chéile le cur leis na tuarascálacha MSC agus MC maidir leis na hAthruithe Ábhartha.

Is é atá i gceist leis na hAthruithe Ábhartha a foilsíodh faoi choinne comhairliúcháin phoiblí na trí dhoiciméad a leanas:

- Athruithe Ábhartha atá beartaithe maidir le Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (lena n-áirítear Aguisín A), Feabhra 2018.
- Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil ar Athruithe Ábhartha atá beartaithe do Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024: Aguisín a ghabhann le Cuid D den Tuarascáil ar an Chomhshaol, mí Feabhra 2018.
- Aguisín a ghabhann leis an Mheasúnacht Chuí: Tuarascáil ar Thionchar Natura ar Athruithe Ábhartha atá beartaithe do Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (lena n-áirítear Aguisíní A-C), mí Feabhra 2018.

Cuireadh na hAthruithe Ábhartha a ghabhann leis an Dréacht PFC ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí le linn na tréimhse ón 9 Feabhra 2018 go dtí an 8 Márta, 2018, an dá lá san áireamh, agus tugadh cuireadh aighneachtaí agus tuairimí a chur isteach maidir leis na hAthruithe Ábhartha le linn an ama sin agus fuarthas 32 aighneacht nó tuairim san iomlán, 16 a fuarthas ón phobal agus 16 a fuarthas ó Chomhairlithe Reachtúla.

Go sonrach, fuarthas aighneacht ó Aire na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRÁ), (ár dtagairt PB12) ar an 8 Márta 2018 a bhaineann le 5 shaincheist éagsúla lena n-áirítear Cuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Mír 6.5(f) agus ardaíodh na pointí seo a leanas maidir leis an chuid seo den Dréacht PFC:

- Sa phointe a rinne an Roinn roimhe seo (a rinneadh in aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Dréachta PFC ar an 31ú Lúnasa) go bhfuil gá le MSC maidir leis an Chaighdeán Theicniúil 6.5 (f), ós rud é go bhfuil sé ina ghné shainordaitheach maidir le bainistiú forbartha agus dá réir sin

go dtagann sé faoin chreat maidir le toiliú le forbairt a dhéanamh atá leagtha amach sa PFC; moladh nach ndearnadh measúnacht air seo, ag an tráth sin, mar chuid den phróiseas MSC.

- D'fhágfadh an teip chun an caighdeán teicniúil seo a chur faoi bhráid MSC an Dréacht PFC neamhréireach le ceanglais na dTreoirlínte Pleanála Eatramhacha; Fuinneamh Inathnuaite agus Athrú Aeráide, mí Iúil 2017 (alt 4) agus gan a bheith i gcomhréir leis an phróiseas MSC san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), alt 1A, agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú le IR 436/2004 agus IR 201/2011).

- Chuir an aighneacht béim ar cheanglais Airteagal 13A go 13F de Rialacháin 2001 agus Sceideal 2B a leagann amach na ceanglais ábhartha.

- Moladh, leis an chaighdeán theicniúil a áirithiú ann, nár cloíodh leis na nósanna imeachta atá leagtha síos sna hoibleagáidí reachtúla atá sonraithe thuas agus moladh go raibh an chuma air go raibh sárú tromchúiseach ar nós imeachta reachtúil dá bharr.

- Moltar go bhfaighidh an Chomhairle comhairle dhlíthiúil maidir le cén dóigh na pointí thuas a leigheas ach moladh fosta gurb é an bealach is soiléire agus is éifeachtaí chun an teip ar nós imeachta a leigheas ná caighdeán teicniúil 6.5 (f) a bhaint as d'fhonn ionracas na tuarascála MSC a choinneáil agus, dá réir sin, an PFC.

Ullmhaíodh an Tuarascáil seo ar an Chomhshaol i ndiaidh na dtuairimí sonracha a rinneadh san aighneacht ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil (RTPRÁ) dá dtagraítear thuas. Ós rud é go n-éilítear go gcomhlíontar Alt 6.5 (pointí a-f) ina iomláine, meastar gur iomchuí go gcuirtear tuilleadh le raon feidhme na Tuarascála breise seo ar an Chomhshaol atá á hullmhú, i dteannta leis na Tuarascálacha Comhshaoil níba luaithe dá dtagraítear thuas, chun críche MC a dhéanamh ar an dréachtphlean, a leathnú tuilleadh de réir moladh san aighneacht ón RTPRÁ d'fhonn gach cuid d'Alt 6.5, (pointí a-f ar fad), a mheasúnú. Baineann an tuarascáil seo le Cuid B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Mír 6.5 (dá ngairfear "Mír 6.5" anseo feasta, ar mhaithe le héascú tagartha) agus, mar ar sonraíodh, caithfear iad a mheas mar aon le Cuid D: Tuarascáil ar an Chomhshaol de Dhréacht PFC 2018-2024, agus leis an Aguisín a ghabhann le Cuid D: Tuarascáil ar an Chomhshaol den Athrú Ábhartha atá beartaithe don Dréacht PFC a foilsíodh i mí Feabhra 2018. Dírítear sa Tuarascáil bhreise seo ar an Chomhshaol Bhreise ar na hábhair i Mír 6.5 i gcomhréir le ceanglais an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú ("an tAcht um Pleanáil agus Forbairt") agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 arna leasú ("Rialacháin 2001" ) agus cuimsítear leis na roghanna malartacha réasúnta a bhaineann leis sin agus leis na nithe a leagtar amach i Rialachán 13E agus Sceideal 2B de Rialacháin 2001.

## 1.2 Comhthéacs Reachtaíochta

Trasuíonn na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil) 2004 (IR Uimh. 436 de 2004) (arna leasú le IR Uimh. 201 de 2011) Treoir 2001/42/CE um Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil Eorpach (MSC) i nDlí na hÉireann trí Rialacháin a leasú agus a ionchur i Rialacháin 2001. D'eisigh an iar-Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoirlínte i mí na Samhna 2004 maidir le cur i bhfeidhm na Treorach MSC (2001/42/CE) dar teideal 'Measúnú ar Éifeachtaí Pleananna agus Clár Áirithe ar an Chomhshaol'.

Is ceanglas sainordaitheach é Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (MSC) ar Dhréachtphlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 de bhun Airteagal 13B de na Rialacháin MSC thuasluaite, agus chun na críche sin tá an Tuarascáil seo ar an Chomhshaol, chomh maith leis an dá Thuarascáil roimhe seo dá dtagraítear thuas, arna dréachtú de bhun Rialacháin 2001.

Tugann treoirlínte MSC breac-chuntas ar an phróiseas a bhaineann le MSC agus leagtar síos na céimeanna riachtanacha seo a leanas mar atá leagtha amach i dTábla 1.1.

Tábla 1.1: Céimeanna sa Phróiseas MSC (tá tagairtí don Bhainisteoir le léamh anois mar thagairtí do Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae)

| | |
|---|---|
| Raon Feidhme: Comhairliúchán le Comhlachtaí Reachtúla agus le páirtithe leasmhara eile maidir le raon feidhme agus leibhéal an mhionsonra atá le breithniú sa mheasúnacht. | **Críochnaithe** |
| Ullmhú na Tuarascála ar an Chomhshaol: Measúnú ar na tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ar an Chomhshaol mar thoradh ar an Phlean. | **Críochnaithe** |
| Comhairliúchán ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall agus Tuarascáil ar an Chomhshaol a ghabhann leis agus Measúnacht Chuí. | **Críochnaithe** |
| Measúnú ar aighneachtaí agus ar thuairimí a cuireadh faoi bhráid maidir le Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall, Tuarascáil ar an Chomhshaol agus Measúnacht Chuí. | **Críochnaithe** |
| Breithniú ar Thuarascáil an Bhainisteora maidir le haighneachtaí agus tuairimí a rinneadh ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall, Tuarascáil ar an Chomhshaol agus Measúnacht Chuí agus breithniú déanta orthu ag cruinniú atrátha de chuid na Comhairle a tionóladh ar an 13 Nollaig 2017. | **Críochnaithe** |
| Athruithe Ábhartha a moladh ar Dhréachtphlean Forbartha an Chontae agus ar Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil chomhghaolmhar agus ar Mheasúnacht Chuí a fhoilsiú. | **Á chur i gcrích faoi láthair** |
| Ráiteas MSC a ullmhú lena sainaithnítear an dóigh a ndearnadh breithnithe comhshaoil agus comhairliúchán a chomhtháthú sa Phlean Forbartha Contae a Glacadh. | **Le críochnú go fóill** |

Foilsíodh Treoirlínte Eatramhacha d'Údaráis Phleanála ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ag an RTPRÁ i mí Iúil 2017. Áirítear sna Treoirlínte Eatramhacha foráil ag mír uimh. 4. (3) go bhféadfadh aon togra chun achar nó achair leagtha siar do thuirbíní gaoithe a thabhairt isteach ó úsáidí talún sonraithe nó aicmí úsáide talún laistigh de Phleananna Forbartha a bheith ceadaithe faoi réir ag MSC agus go ndéanfaí breithniú ábhartha ar na moltaí sin sa MSC maidir le cé acu an ndéanfadh nó nach ndéanfadh an togra teorainn nó srian suntasach a chruthú ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear feirmeacha gaoithe. D'éileodh aon togra chun achar leagtha siar den sórt sin a thabhairt isteach nó a athrú chun comhlíonadh mír 4 (2) de na Treoirlínte a léiriú a éilíonn go gcuirfidh le fios cén dóigh a ndéanfaidh cur i bhfeidhm an phlean thar an tréimhse éifeachtach rannchuidiú le spriocanna náisiúnta foriomlána a bhaint amach maidir le fuinneamh in-athnuaite agus spriocanna athrú aeráide, go háirithe táirgeadh fuinnimh gaoithe agus acmhainn fhéideartha (MW). Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-achar leagan siar dá dtagraítear I Mír 6.5(f) sa phlean forbartha atá ann cheana féin agus nach bhfuil aon athrú air sa dréachtphlean atá á bhreithniú ag na comhaltaí faoi láthair agus dá bhrí sin níl cuma na soiléireachta ar chur i bhfeidhm mhír 4(3) ar na treoirlínte céanna.

## 1.3 Próiseas Measúnachta Straitéisí Comhshaoil

Is próiseas córasach agus éifeachtach é Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (MSC) lena chinntiú go gcuirtear saincheisteanna comhshaoil san áireamh ag gach céim maidir le hullmhú, cur i bhfeidhm, faireachán agus athbhreithniú ar phleananna, ar chláir agus ar straitéisí. Cuimsítear sa doiciméad seo an Tuarascáil ar an Chomhshaol de Chuid B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Mír 6.5 den Dréacht PFC de réir cheanglais an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil) 2004 (IR Uimh. 436 de 2004) (arna leasú le IR Uimh. 201 de 2011). Tá an Tuarascáil seo ar an Chomhshaol atá i Mír 6.5 den Dréacht PFC, sa bhreis air agus ba cheart é a mheas i gcomhar le 'Cuid D: Tuarascáil ar an Chomhshaol i nDréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024' mí Bealtaine 2017 agus Aguisín le Cuid D: Tuarascáil ar an Chomhshaol maidir leis na hAthruithe Ábhartha maidir leis na hAthruithe Ábhartha atá beartaithe don Dréacht PFC, mí Feabhra 2018, agus ba chóir iad a léamh i

gcomhar leis na Tuarascálacha ar an Chomhshaol chomh maith leis an Dréacht PFC, Céim 2 den Mheasúnacht Chuí (MC) ar Thuarascáil Tionchair Natura (TTN) agus an tAguisín a ghabhann leis an TTN.

Sa Tuarascáil ar an Chomhshaol cuimsítear cur síos ar an Chomhshaol reatha chomh maith le measúnú ar na héifeachtaí a bhaineann le beartais agus cuspóirí an Dréacht PFC a chur chun feidhme, athruithe agus cúinsí riachtanacha agus moltaí maolaithe agus faireacháin ag dul chun tosaigh. Tagann an Tuarascáil seo ar an gComhshaoil i ndiaidh an dá Thuarascáil a rinneadh ar an Chomhshaol roimhe seo agus tugtar breac-chuntas ann ar an mheasúnú ar Chuid B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Mír 6.5 agus sainaithnítear ann méid an tionchar atá ag Mír 6.5 ar na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil atá sa Tuarascáil ar an Chomhshaol.

Leanfaidh an measúnú ar Chuid B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Mír 6.5, Fuinneamh Gaoithe an próiseas measúnaithe céanna mar atá leagtha amach in Alt 8.2 agus i dTábla 8.4 den Tuarascáil PFC ar an Chomhshaol agus táblaí 1.2 agus 1.4 den Aguisín a ghabhann leis na hAthruithe Ábhartha den Tuarascáil ar an Chomhshaol ar chúiseanna soiléire agus comhsheasmhachta. Déanfar é sin a scrúdú agus déanfar measúnú maidir le cé acu an mbeidh nó nach mbeidh éifeacht ag caighdeáin theicniúla 6.5 (mar atá leagtha amach i dTábla 1.2 thíos) ar gach Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil, mar atá leagtha amach i dTábla 1.3 thíos.

Tábla 1.2: Catagóirí faoi choinne Measúnachta

| **Coinbhleacht dhóchúil** le stádas Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (CSC) – ní dócha go ndéanfar iad a mhaolú go dtí *leibhéal inghlactha | **Coinbhleacht Fhéideartha** le stádas CSCanna – is dócha go ndéanfar iad a mhaolú go dtí *leibhéal inghlactha | **Idirghníomhú éiginnte** le stádas CSCanna | **Idirghníomhú neodrach** le stádas CSCanna | **Gan aon idirghníomhú dóchúil** le stádas CSCanna | **Is dócha go bhfeabhsóidh sé** stádas CSCanna |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

* Ciallaíonn leibhéal inghlactha nuair a bheadh an choinbhleacht le stádas na gcuspóirí straitéiseacha comhshaoil (CSCanna) éiginnte nó laghdaithe trí bhearta maolaithe agus dá réir sin beidh sé inghlactha i dtéarmaí phrionsabail seanbhunaithe na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.

Tábla 1.3: Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (CSC)

| Gné den Chomhshaoil | Cód CSC | Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil |
|---|---|---|
| **Bithéagsúlacht, Fána agus Flóra** | BIO1 | A áirithiú go gcomhlíontar an Treoir maidir le Gnáthóga trí gach suíomh Natura 2000 agus gnáthóga speiceas (Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSanna) agus Limistéir Chosanta Speisialta (LCSanna)) a chosaint laistigh den Chontae agus laistigh de mhaolán 15km mórthimpeall lena n-áirítear naisc thrasteorann, nó crios tionchair níos leithne nuair a mheastar go bhféadfaí tionchar féideartha a bheith ann, lena n-áirítear dobharcheantair Diúilicíní Péarla Fionnuisce. |
| **Bithéagsúlacht, Fána agus Flóra** | BIO2 | Éagsúlacht gnáthóg agus speiceas faoi chosaint a chaomhnú agus a fheabhsú agus bainistiú inbhuanaithe na limistéar sin laistigh den Chontae agus laistigh de mhaolán 15km mórthimpeall air a chur chun cinn, lena n-áirítear naisc thrasteorann, nó crios tionchair níos leithne nuair a mheastar go bhféadfaidh tionchar ionchasach a bheith ann. |
| **Bithéagsúlacht, Fána agus Flóra** | BIO3 | An comhshaol muirí a chosaint laistigh den Chontae agus laistigh de mhaolán 15km mórthimpeall lena n-áirítear naisc thrasteorann, nó crios tionchair níos leithne nuair a mheastar go bhféadfaí tionchar ionchasach a bheith ann, agus straitéisí comhtháite bainistíochta criosanna cósta a chur |

| Gné den Chomhshaoil | Cód CSC | Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil |
|---|---|---|
| | | chun cinn. |
| **Bithéagsúlacht, Fána agus Flóra** | BIO4 | Macra-chonairí a chosaint agus limistéir atá tadhlach le gnáthóga laistigh den Chontae agus atá laistigh de mhaolán 15km mórthimpeall lena n-áirítear naisc thrasteorann, nó crios tionchair níos leithne nuair a mheastar go bhféadfaidh tionchar ionchasach a bheith ann. |
| **Daonra** | POP1 | Caighdeán maireachtála maith bunaithe ar thimpeallachtaí cónaithe, oibre agus áineasa ar ardchaighdeán a éascú. |
| **Daonra** | POP2 | Patrúin taistil níos inbhuanaithe a éascú. |
| **Sláinte an Duine** | HH1 | Torann, creathadh agus astuithe a laghdú ó thrácht, ó phróisis thionsclaíocha agus ó thionscal eastóscach. |
| **Ithir (Mianraí san áireamh)** | SL1 | Caighdeán ithreacha a chosaint agus a chothabháil. |
| **Ithir (Mianraí san áireamh)** | SL2 | Láithreáin gheolaíocha a chosaint agus a chaomhnú. |
| **Ithir (Mianraí san áireamh)** | SL3 | Tosaíocht a thabhairt d'athúsáid tailte na mbailte donna, seachas tailte glasra a fhorbairt. |
| **Ithir (Mianraí san áireamh)** | SL4 | An méid dramhaíola a théann go láithreáin líonta talún a laghdú. |
| **Uisce** | WR1 | Stádas na n-éiceachóras uisceach a chosaint agus a fheabhsú agus, maidir lena riachtanais uisce, éiceachórais talún agus bogaigh ag brath go díreach ar na héiceachórais uisceacha, i gcomhréir leis an Phlean Bainistíochta Abhantraí (RBMP) ábhartha. |
| **Uisce** | WR2 | Caighdeán an uisce dromchla agus an uisce óil a chosaint mar fhoinsí uisce óil, sócmhainní faoi choinne críocha taitneamhachta, agus áineasa agus éiceachórais. |
| **Uisce** | WR3 | Úsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn bunaithe ar chosaint fadtéarmach ar acmhainní uisce atá ar fáil. |
| **Uisce** | WR4 | Laghdú leanúnach a dhéanamh ar sceitheadh substaintí truaillithe in uiscí. |
| **Uisce** | WR5 | Bainistiú a dhéanamh ar bhaol tuilte cósta, inbhir agus dobhair. Bainistiú an dhéanamh ar an riosca a bhaineann le triomaigh. |
| **Acmhainní Cósta/Mara** | CM1 | Creimeadh cósta a sheachaint agus cosaint an chósta a chur chun cinn. |

| Gné den Chomhshaoil | Cód CSC | Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil |
|---|---|---|
| **Acmhainní Cósta/Mara** | CM2 | Bainistiú an limistéir cósta mar acmhainn chomhshaoil agus thurasóireachta. |
| **Acmhainní Cósta/Mara** | CM3 | Uiscí Sliogéisc Ainmnithe a chosaint. |
| **Tosca Aeir/ Aeráide** | AC1 | Tacú le cur i bhfeidhm na Straitéis Náisiúnta Aeráide 2007-2012. |
| **Tosca Aeir/ Aeráide** | AC2 | Gach cineál truaillithe aeir a laghdú. |
| **Tosca Aeir/ Aeráide** | AC3 | Aistriú ó fhuinneamh ag brath ar bhreosla iontaise chuig fuinneamh níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacú leis an aistriú sin. Aistriú agus tacú le hathrú ó fheithiclí breosla iontaise go modhanna taistil níos inbhuanaithe. |
| **Sócmhainní Ábhair** | MA1 | Infhaighteacht agus cáilíocht bonneagair, seirbhísí agus áiseanna a bhaineann leis an phobal a chothabháil agus a fheabhsú agus bainistiú stuama acmhainní comhshaoil a áirithiú. |
| **Sócmhainní Ábhair** | MA2 | Riosca tuile a sheachaint agus/nó creimeadh cósta i roghnú láithreán faoi choinne forbartha. |
| **Oidhreacht Chultúrtha** | CH1 | Cosaint agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha a chur chun cinn, an oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta san áireamh. |
| **Tírdhreach** | LD1 | Caomhnú agus feabhas a chur ar thírdhreacha luachmhara nádúrtha, stairiúla agus cultúrtha agus gnéithe laistigh díobh a chosaint agus a fheabhsú agus agus drochthionchair a sheachaint. |

# 2 Roghanna Malartacha Réasúnta

## 2.1 Na Roghanna Malartacha Réasúnta a Mheastar

Déantar dhá rogha malartacha réasúnta a mheas mar a leanas:

(i) I straitéis fuinnimh in-athnuaite an Phlean go n-áireofaí Mír 6.5 de chuid B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla mar a leanas:

'6.5 'Caithfidh tuirbíní gaoithe na ceanglais agus na caighdeáin a leagtar amach i dTreoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe 2006 de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ), nó aon Treoirlínte gaolmhara eile a chomhlíonadh agus ina theannta sin ní mór dóibh gan a bheith suite laistigh de:

(a) Crios amharcthionchair (CAT) Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.
(b) An crios tionchair/cosán eitilte ag Aerfort Dhún na nGall.
(c) Limistéir a aithnítear mar láithreacha áit nach mbeadh forbairt feirme gaoithe inghlactha mar a shainaithnítear ar léarscáil 8.2.1, caibidil 8 den Phlean Forbartha Contae 2018-2024.
(d) Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCS) ná Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LFCS)
(e) Na 6 dhobharcheantar Diúilicíní Péarla Fionnuisce (IR 296 de 2009) atá i bPleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce faoi choinne Clóidigh, Loch Iascaigh, An Ghlaschillín, an Leanainn, Abhainn Choradh agus Abhainn Fhia.
(f) Achar leagtha siar de dheich n-uaire airde bharr na dtuirbíní atá beartaithe ó mhaoin chónaithe agus ó ionaid eile ina gcónaíonn daoine'.

(ii) Nach n-áireofaí i straitéis fuinnimh in-athnuaite an Phlean Mír 6.5 de Chuid B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla.

## 2.2 An Chúis leis na Roghanna Malartacha a Roghnú

Is é an chúis atá leis an dá rogha mhalartacha a roghnú ná chun measúnú a dhéanamh go díreach agus go soiléir ar na héifeachtaí suntasacha comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann le Mír 6.5 san áireamh nó gan a bheith san áireamh agus chun comparáid shoiléir dhíreach a dhéanamh idir na roghanna i gcomhthéacs a chéile.

**Rogha Mhalartach 1** (lena n-áireofaí Mír 6.5 sa Phlean) dhéanfaí sainaithint le rogha mhalartach 1 ar shuíomhanna sonraithe nach gceadófaí tuirbíní gaoithe laistigh díobh mar thoradh ar chur i bhfeidhm Mhír 6.5 sa bhreis ar na limistéir a sainaithníodh mar 'Gan a bheith Inghlactha' ar Léarscáil 8.2.1 atá sa Dréachtphlean a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017. Bheadh feidhm ag forálacha Mhíreanna 6.5 go cothrom le réimsí a shainaithnítear mar 'Inghlactha faoi choinne Méadúcháin' ar léarscáil 8.2.1 den Dréachtphlean a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017 agus go mbeidh an éifeacht aige laghdú a dhéanamh ar an fhéidearthacht a bhaineann le leathnú na suíomhanna seo. Léirítear é seo trí aguisíní A go F a ghabhann leis an tuarascáil seo mar a leanas:

- **Aguisín A:** Is é an sainmhíniú ar 'chrios amharcthionchair (CAT) Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha' mar atá i Mír 6.6 de Chuid B: Aguisín 3 Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla den Dréacht PFC 2018-2024 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017.
- **Aguisín B:** Léarscáil 5.1.13, caibidil 5 den Dréacht PFC 2018-2024 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017 dar teideal 'Cosaint Aerfort Dhún na nGall.'

- **Aguisín C:** Léarscáil 8.2.1 caibidil 5 den Dréacht PFC 2018-2024 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017 dar teideal 'Fuinneamh Gaoithe,' agus a léiríonn na réimsí 'Gan a bheith Inghlactha' le haghaidh forbairtí fuinnimh gaoithe.
- **Aguisín D:** Léarscáil a léiríonn suíomhanna na Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) agus na Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LFCS) á forleagan le Léarscáil 8.2.1 'Fuinneamh Gaoithe' atá le fáil sa Dréacht PFC 2018-2024 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017.
- **Aguisín E:** Léarscáil a léiríonn suíomh dhobharcheantar na 6 Dhiúilicíní Péarla Fionnuisce (IR 296 de 2009) atá i bPleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce faoi choinne Clóidigh, Loch Iascaigh, an Ghlaschillín, an Leanainn, Abhainn Choradh agus Abhainn Fhia á forleagan le Léarscáil 8.2.1 'Fuinneamh Gaoithe' atá sa Dréacht PFC 2018-2024 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017.
- **Aguisín F:** Ar a bhfuil 3 léarscáil a bhaineann le 3 chás ar bharr airde tuirbín agus a léiríonn an méid geografach a bhaineann le hachar leagtha siar de dheich n-uaire barr airde na dtuirbíní atá beartaithe ó mhaoin chónaithe. Tabhair faoi deara nach ndearnadh 'ionaid eile ina gcónaíonn daoine' a chur san áireamh sna léarscáileanna in Aguisín F mar gheall ar na teorainneacha ar shonraí atá ar fáil a bhaineann le 'scoileanna, ospidéil, séipéil nó foirgnimh a úsáidtear le haghaidh teacht le chéile poiblí' mar a luaitear sa sainmhíniú atá leagtha amach i Mír 6.6 de Chuid B: Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla. Go sonrach, léiríonn na léarscáileanna:

**Léarscáil (i):** Léarscáil a léiríonn na limistéir gheografacha nach gceadófaí tuirbíní gaoithe (chomh maith le limistéir a shainaithnítear mar 'Gan a bheith Inghlactha' ar Léarscáil 8.2.1 den Dréacht PFC 2018-2024) mar thoradh ar chur i bhfeidhm Mír 6.5(f) de Chuid B Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, i gcás barr airde de 100m. 'Cás (i) - Cur i bhfeidhm Mír 6.5(f) i gcás barr airde tuirbíní de 100m' is teideal don léarscáil.

**Léarscáil (ii):** Léarscáil a léiríonn na limistéir gheografacha nach gceadófaí tuirbíní gaoithe (chomh maith le limistéir a shainaithnítear mar 'Gan a bheith Inghlactha' ar Léarscáil 8.2.1 den Dréacht PFC 2018-2024) mar thoradh ar chur i bhfeidhm Mír 6.5(f) de Chuid B Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, i gcás barr airde tuirbíní de 150m. 'Cás (ii) - Cur i bhfeidhm Mír 6.5(f) i gcás barr airde tuirbíní de 150m' is teideal don léarscáil.

**Léarscáil (iii):** Léarscáil a léiríonn na limistéir gheografacha nach gceadófaí tuirbíní gaoithe (chomh maith le limistéir a shainaithnítear mar 'Gan a bheith Inghlactha' ar Léarscáil 8.2.1 den Dréacht PFC 2018-2024) mar thoradh ar chur i bhfeidhm Mír 6.5(f) de Chuid B Aguisín 3, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, i gcás barr airde tuirbíní de 200m.' 'Cás (iii) - Cur i bhfeidhm Mír 6.5(f) i gcás barr airde tuirbíní de 200m' is teideal don léarscáil.'

**Rogha Mhalartach 2** (gan Mír 6.5 den Phlean a áireamh) Dhéanfaí sainaithint ansin ar shuíomhanna sonraithe (a shainaithnítear mar 'Oscailte le breithniú' ar Léarscáil 8.2.1 atá sa Dréachtphlean a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017) inar féidir forbairtí cuí maidir le fuinneamh gaoithe a mheas i gcomhréir le cuspóirí agus beartais eile an Phlean a chomhlíonadh mar a fhoráiltear dó trí Bheartas E-P-12 den Dréachtphlean a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017, agus chuimseofaí leis seo limistéir bhreise anuas ar na limistéir sin a sainaithníodh mar 'Oscailte le Breithniú' faoi Rogha Mhalartach 1. Mar thoradh air sin, bheadh an éifeacht aige méid gheografach an Chontae a mhéadú ina mbeadh moltaí do thuirbíní gaoithe 'Oscailte le Breithniú' i gcomhréir le cuspóirí agus beartais eile an Phlean a chomhlíonadh agus, i gcásanna den sórt sin, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh ar mhaolú cuí. Ina theannta sin, ní chuirfeadh Rogha Mhalartach 2 srian ar leathnú na bhfeirmeacha gaoithe atá ann faoi láthair laistigh de na limistéir a shainaithnítear mar "Inghlactha faoi choinne Méadúcháin,' de bhrí go mbeadh feidhm ag na srianta sin i gcás Athrú 1 mar an fhoráil/na forálacha ábhartha (mír 6.5 (f)) a bhfuil feidhm ag an dá cheann maidir le 'Oscailte le Breithniú' agus 'Limistéir le haghaidh Méadúcháin.'

## 2.3 Measúnú ar na Roghanna Malartacha Réasúnta

Tá an measúnú ar na roghanna malartacha réasúnta leagtha amach i dTábla 2.1 a mheasann idirghníomhuithe gach rogha mhalartach leis na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (CSCí) mar atá leagtha amach i dTábla 1.3); Sa mhéid go bhfuil coinbhleachtaí dóchúla ann le stádas CSCí nach dócha go maolófaí iad go leibhéal inghlactha i ndáil le Rogha Mhalartach 1, déantar measúnú níos mionsonraithe i Mír 3.0.

Tábla 2.1: Measúnú ar na Roghanna Malartacha Réasúnta

| Rogha | Coinbhleacht dhóchúil le stádas Cuspóiri Straitéiseach a Comhshaoil (CSC)- ní dócha go maolófai é go leibhéal inghlactha | Féidearth a le stádas CSCí-is dócha go maolófai é go leibhéal inghlacth a | Idirghníomh ú éiginnte le stádas CSCí | Idirghníomh ú neodrach le stádas CSCí | Gan idirghníomh ú dóchúil le stádas CSCí | Is dócha go bhfeabhsóid h sé stádad CSCí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rogha Mhalartac h 1 (Mír 6.5 a áireamh) | AC1, AC2, AC3, | | | BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4, | WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2, | BIO1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2 |
| Rogha Mhalartac h 2 (Gan Mír 6.5 a áireamh) | | BIO1, BIO2, BIO3, BIO4; HH1, SL1, SL2; WR1, WR2, WR4, CM2, CM3, MA2, LD1 | POP1, SL4, WR3, WR5, CM1, CH1 | POP2 | SL3, MA1 | AC1, AC2, AC3 |

# 3 Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil ar Chuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Mír 6.5

Tá an Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil ar thionchar féideartha Mír 6.5 atá beartaithe ar na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil a leagtar amach sa Tuarascáil seo ar an Chomhshaol i gcomhréir leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2015 agus go háirithe Cuid 3, Airteagal 13E agus Sceideal 2B, mar atá leagtha amach thíos:

- Airteagal 13E (1)(a) Ullmhaíodh an Tuarascáil ar an Chomhshaol sa bhreis ar na Tuarascálacha Comhshaoil atá leagtha amach i Mír 1.1, agus i gcomhréir le Sceideal 2B;
- Airteagal 13E (1)(b) Tá measúnú déanta ar an aighneacht ón RTPRÁ, go sonrach i ndáil le Mír 6.5(f);
- Airteagal 13E (1)(c) Ullmhaíodh an Tuarascáil ar an Chomhshaol i gcomhréir le riachtanais na Rialachán;
- Airteagal 13E (2)(a) Ullmhaíodh an Tuarascáil ar an Chomhshaol sa bhreis ar na Tuarascálacha ar an gComhshaoil atá leagtha amach i Mír 1.1;
- Airteagal 13E (2)(b) Ullmhaíodh an Tuarascáil ar an Chomhshaol sa bhreis ar na Tuarascálacha ar an Chomhshaol atá leagtha amach i Mír 1.1;
- Airteagal 13E (2)(c) Tá an chéim sa phróiseas cinnteoireachta leagtha amach i dTábla 1.1 agus
- Airteagal 13E (2)(d) Ullmhaíodh an Tuarascáil ar an Chomhshaol sa bhreis ar na Tuarascálacha ar an Chomhshaol atá leagtha amach i Mír 1.1.

Tá measúnú déanta ar thionchar féideartha Mír 6.5 de Chuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla maidir le stádas na gCuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil i dTábla 2.1.

**Mír 6.5 de Chuid B: Aguisín 3; Leagtar amach mar a leanas na Treoirlínte Forbartha agus na Caighdeáin Theicniúla:**

**6.5:** "Ní mór do Thuirbíní gaoithe na ceanglais agus na caighdeáin atá leagtha amach i dTreoirlínte Forbartha Fuinnimh Gaoithe 2006 an RCORÁ a chomhlíonadh, nó aon fhaisnéis a bhaineann leo ina dhiaidh sin agus ina theannta sin ní mór gan iad a bheith suite laistigh díobh seo a leanas:

(a) Crios amharcthionchair (CAT) Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha[1].
(b) Crios tionchair/cosán eitilte ag Aerfort Dhún na nGall.
(c) Limistéir atá sainaitheanta mar láithreacha nach mbeadh forbairt feirme gaoithe inghlactha mar a léirítear ar léarscáil 8.2.1, caibidil 8 den Phlean Forbartha Contae 2018-2024
(d) Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCS) ná Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LFCS)
(e) Na 6 dhobharcheantar Diúilicíní Péarla Fionnuisce (IR 296 de 2009) atá sna Pleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce faoi choinne Clóidigh, Loch Iascaigh, an Ghlaschillín, an Leanainn, Abhainn Choradh agus Abhainn Fhia.
(f) Achar leagtha siar deich n-uaire bharr airde na dtuirbíní atá beartaithe ó mhaoin chónaithe agus ionaid eile ina gcónaíonn daoine[2]'.

[1] Sainmhíniú ar Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha CAT: Cuimsítear le carachtar comhshaoil agus amhairc Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha méid thíreolaíoch na páirce agus an ceantar mórthimpeall air. Níor cheart cur i bhfeidhm an bheartais ábhartha a léirmhíniú mar cheann a bhaineann le tailte a bhfuil nasc teoranta fisiciúil nó amhairc acu leis an pháirc. Is ar an Iarratasóir atá an dualgas méid an tionchair fhéideartha a bheidh ag forbairt fuinnimh gaoithe ar an Pháirc Náisiúnta a léiriú.

[2] Sainmhínithe sa dréacht pfc mar scoileanna, ospidéil, eaglaisí, foirgnimh chónaithe nó foirgnimh a úsáidtear faoi choinne tionóil phoiblí san áireamh.

Tá measúnú ar thionchar féideartha Mír 6.5 de Chuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla (mar atá leagtha amach thíos) maidir le stádas na gCuspóirí Straitéiseacha i dTábla 3.1 agus tugtar achoimre orthu thíos.

(a) I Mír 6.5 (a) - (e) bhí
- Idirghníomhú neodrach le stádas 9 CSC (BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4, AC1, AC2, AC3)
- Gan aon idirghníomhú is dócha le stádas 6 SEO (WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2)
- Is dócha go bhfeabhsóidh sé stádas 11 CSC (BIO 1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2)

(b) I Mír 6.5 (f) bhí:
- Coinbhleacht Fhéideartha nach dócha go maolófaí í go leibhéal inghlactha le stádas na 3 Chuspóir Straitéiseacha Comhshaoil (CSC) seo a leanas: (AC1- Tacú le cur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta Aeráide 2007-2012, AC2- Laghdú ar gach cineál truailliú aeir agus AC3- Aistriú agus tacú le hathrú ó fhuinneamh a bhraitheann ar bhreosla iontaise fuinnimh go fuinneamh níos inbhuanaithe. Aistriú agus tacú le hathrú ó fheithiclí a bhraitheann ar bhreosla iontaise go modhanna taistil atá níos inbhuanaithe.
- Idirghníomhú neodrach le stádas 6 CSC (BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4,)
- Gan aon Idirghníomhú dóchúil le stádas 6 CSC (WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2)
- Is dócha go bhfeabhsóidh sé stádas 11 CSC (BIO 1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2)

**Breithniú ar na héifeachtaí carnacha:**
Mar chuid den Mheasúnú ar thionchar fhorfheidhmiú Mhír 6.5 ar stádas na gCuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil; rinneadh breithniú freisin ar an idirghníomhú idir na héifeachtaí ón dá Thuarascáil ar an Chomhshaol roimhe seo agus ar fhéidearthacht na n-éifeachtaí carnacha dá réir mar atá sonraithe thíos.

Fuarthas amach sa bhreithniú ar na héifeachtaí carnacha de chuid Mhír 6.5 (a)-(e) i gcomhar le beartais agus cuspóirí Dhréacht PFC maidir le stádas CSC, go raibh idirghníomhú neodrach nó gan aon idirghníomhú dóchúil ann le stádas CSC agus gur dócha go bhfeabhsódh sé stádas CSC. Dá bhrí sin, níl aon éifeachtaí diúltacha ag eascairt as Mír 6.5 (a)-(e).

Sa bhreithniú ar éifeachtaí carnacha Mír 6.5 (f) agus beartais agus cuspóirí an Dréacht PFC maidir le stádas na gCuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (CSCí), go mbeadh idirghníomhú neodrach nó gan aon idirghníomhú dóchúil ann le stádas CSCí agus gur dócha go bhfeabhsódh sé stádas CSCí, go háirithe maidir le Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána, Daonra, Sláinte an Duine, Ithir, Uisce, Acmhainní Cósta/Mara, Sócmhainní Ábhar, Oidhreacht Chultúrtha agus Tírdhreach. Maidir leis na CSCí a bhaineann le Tosca Aeir/Aeráide (AC1, AC2 agus AC3) aimsíodh go mbeadh Coinbhleacht Dhóchúil ag na héifeachtaí carnacha le Stádas CSCí- *nach dócha go maolófaí go leibhéal inghlactha,* agus go háirithe go ndéanfadh sé coinbhleacht le Cuspóirí E-O1, EO-3, EO-4, EO-5 agus Beartais EP-2, EP-10 AGUS PE-12 den Dréacht PFC.

Tábla 3.1: Measúnú ar Chuid B: Iarscríbhinn 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla, Mír 6.5

| Cuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla; Mír 6.5 den Dréacht PFC. "Caithfidh tuirbíní gaoithe na ceanglais agus na caighdeáin atá leagtha amach i dTreoirlínte Forbartha Fuinnimh Gaoithe 2006 an RCORÁ a chomhlíonadh, nó ní féidir ceann ar bith eile comhghaolmhar ná sa bhreis a bheith suite laistigh de: | Coinbhleacht dhóchúil le stádas CSCí - ní dócha go maolófaí í go *leibhéal inghlactha * | Coinbhleacht Fhéideartha le stádas CSCí - is dócha go maolófaí í go *leibhéal inghlactha | Idirghníomhú éiginnte le stádas CSCí | Idirghníomhú neodrach le stádas CSCí | Gan aon idirghníomhú dóchúil le stádas na CSCí | Is dócha go bhfeabhsóidh sé stádas na CSCí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) Crios amharcthionchair (CAT) Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha | | | | BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4, AC1, AC2, AC3, | WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2, | BIO1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2 |
| (b) Crios tionchair/cosán eitilte ag Aerfort Dhún na nGall | | | | BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4, AC1, AC2, AC3, | WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2, | BIO1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2 |
| (c) Limistéir a shainaithnítear mar láithreacha nach mbeadh forbairt feirme gaoithe inghlactha mar a léirítear ar léarscáil 8.2.1, caibidil 8 den Phlean Forbartha Contae 2018-2024 | | | | BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4, AC1, AC2, AC3, | WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2, | BIO1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2 |
| (d) Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCS) ná Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS) | | | | BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4, AC1, AC2, AC3, | WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2, | BIO1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2 |
| (e) Na 6 Phlean Bainistíochta Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce faoi choinne Clóidigh, Loch Iascaigh, An Ghlaschillín, an Leanainn, Abhainn Choradh agus Abhainn Fhia. | | | | BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4, AC1, AC2, AC3, | WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2, | BIO1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2 |
| (f) Achar leagtha siar de dheich n-uaire bharr airde na dtuirbíní atá beartaithe ó mhaoin chónaithe. | AC1, AC2, AC3, | | | BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4, | WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2, | BIO1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2 |

# 4 Conclúid

Cuimsítear leis an doiciméad seo an Tuarascáil ar an Chomhshaol de chuid 6.5 Cuid B: Aguisín 3; Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (an Dréacht PFC) sa bhreis ar 'Chuid D: Tuarascáil ar an Chomhshaol ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024' agus ba chóir é a léamh i gcomhar leis an Tuarascáil ar an Chomhshaol chomh maith leis an Dréacht PFC, Céim 2 den Mheasúnacht Chuí (MC) ar thuarascáil tionchair Natura (TTN), an Aguisín a ghabhann leis an TTN agus na hAthruithe Ábhartha atá beartaithe.

Seo a leanas torthaí an mheasúnaithe ar thionchar an Chaighdeáin Theicniúil 6.5 (a)-(f) chun an éifeacht a chinneadh maidir le gach ceann de na 26 Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil (CSC) (mar atá leagtha amach i dTábla 3.1):

(c) I Mír 6.5 (a) - (e) bhí

- Idirghníomhú neodrach le stádas 9 CSC (BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4, AC1, AC2, AC3))
- Gan aon Idirghníomhú dóchúil le stádas 6 CSC (WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2)
- Is dócha go bhfeabhsóidh sé stádas 11 CSC (BIO 1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2)

(d) I Mír 6.5 (f) bhí:

- Coinbhleacht fhéideartha nach dócha go maolófar é go leibhéal inghlactha le stádas 3 CSC a leanas: (AC1- Tacú le cur i bhfeidhm na Straitéis Náisiúnta Aeráide 2007-2012, AC2- Laghdú ar gach cineál truailliú aeir agus AC3- Aistriú agus tacú le haistriú ó fhuinneamh a bhraitheann ar bhreosla iontaise go fuinneamh atá níos inbhuanaithe. Aistriú agus tacú le haistriú ó fheithiclí a bhraitheann ar bhreosla iontaise go modhanna taistil atá níos inbhuanaithe.
- Idirghníomhú neodrach le stádas 6 CSC (BIO3, POP1, POP2, HH1, SL3, SL4,)
- Gan aon Idirghníomhú dóchúil le stádas 6 CSC (WR2, WR3, CM1, CM2, MA1, MA2)
- Is dócha go bhfeabhsóidh sé stádas 11 CSC (BIO 1, BIO2, BIO4, SL1, SL2, WR1, WR4, WR5, CM3, LD1, LD2).

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta a Bhreithniú**
Éilíonn Rialachán 13E de Rialacháin 2001 go gcuimsítear sa Tuarascáil ar an Chomhshaol. an fhaisnéis atá leagtha amach i Sceideal 2B de na Rialacháin sin. I measc na faisnéise a cheanglaítear a bheith sa tuarascáil sin agus dá bhrí sin a mheastar le linn na Measúnachta ar an Chomhshaol, áirítear an méid a leanas (ag Sceideal 2B (e)):

*"(e) na cuspóirí um chosaint an chomhshaoil, a bunaíodh ar leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh nó ar leibhéal náisiúnta, atá ábhartha don phlean nó don chlár agus an chaoi a ndearnadh na cuspóirí sin agus aon chúinsí comhshaoil a chur san áireamh le linn a ullmhaithe;"*

Foráiltear in Alt 28 (1C) d'Acht 2000, arna leasú, *inter alia*, mar a leanas:

***28.***—*(1) Féadfaidh an tAire, tráth ar bith, treoirlínte a eisiúint d'údaráis phleanála maidir le haon cheann dá bhfeidhmeanna faoin Acht seo agus beidh aird ag na húdaráis phleanála ar na treoirlínte sin i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna.*

*(1A) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1) agus chun críocha an fho-ailt sin, déanfaidh údarás pleanála, ag féachaint do na treoirlínte a d'eisigh an tAire faoin fho-alt sin,—*

*(a) breithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar chuspóirí an Aire atá sna treoirlínte agus an dréachtphlean forbartha agus an plean forbartha á n-ullmhú agus á ndéanamh acu, agus*

*(b) ráiteas a chur mar fhoscríbhinn leis an dréachtphlean forbartha agus leis an phlean forbartha ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfo-alt (1B).*

(1B) Áireofar sa ráiteas a chuirfidh an t-údarás pleanála mar fhoscríbhinn leis an dréachtphlean forbartha agus leis an phlean forbartha faoi fho-alt (1A) faisnéis a léiríonn—

*(a) an dóigh ar chuir an t-údarás pleanála beartais agus cuspóirí an Aire a chuimsítear sna treoirlínte a chur i bhfeidhm agus iad ag breithniú a n-iarratais chuig limistéar nó cuid de limistéar an dréachtphlean forbartha agus an phlean forbartha, nó*

*(b) más infheidhme, go bhfuil an t-údarás pleanála den tuairim nach féidir, mar gheall ar nádúr agus saintréithe limistéir nó cuid de limistéar an phlean forbartha, beartais agus cuspóirí áirithe an Aire a chuimsítear sna treoirlínte a chur i bhfeidhm nuair a bhreithnítear cur i bhfeidhm na mbeartas sin i limistéar nó i gcuid de limistéar an dréachtphlean forbartha nó an phlean forbartha agus tabharfaidh sé cúiseanna ar thángthas ar an tuairim sin agus an fáth nach gcuirtear beartais agus cuspóirí an Aire i bhfeidhm dá réir sin.]*

"*(1C) Féadfaidh sé go gceanglaítear beartais phleanála sonracha sna Treoirlínte lena mbaineann fo-alt (1), a éilíonn údaráis phleanála agus an Bord go gcuirtear i bhfeidhm iad i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna, d'ainneoin fho-alt (1)."* (Béim curtha leis)

Sonraítear i mír 4 de na 'Treoirlínte Eatramhacha d'Údaráis Phleanála ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide, RTPPRÁ i mí Iúil 2017, gur ceanglas beartais phleanála shonraigh é faoi Alt 28(1C) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go gcaithfidh Údarás Pleanála agus é i mbun plean forbartha a dhéanamh le beartais nó cuspóirí a bhaineann le forbairtí fuinnimh gaoithe an méid a leanas a áirithiú:

*"(1) Go sainaithnítear an beartas náisiúnta foriomlán maidir le fuinneamh in-athnuaite mar atá i ndoiciméid amhail 'Páipéar Bán ar an mBeartas Fuinnimh - Aistriú na hÉireann go Todhchaí Carbóin Íseal', de chuid an Rialtais, chomh maith leis an 'Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite Náisiúnta', an 'Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite 'agus an Plean Náisiúnta Maolaithe', agus go ndéantar é a dhoiciméadú sa phlean forbartha ábhartha nó sa phlean limistéir áitiúil;*

*"(2) Go léirítear cén dóigh a rannchuideoidh cur i bhfeidhm an phlean forbartha ábhartha nó an phlean limistéir áitiúil le linn a thréimhse éifeachtaí le spriocanna náisiúnta foriomlána a bhaint amach maidir le fuinneamh inathnuaite agus maolú ar an athrú aeráide, agus go háirithe táirgeadh fuinneamh gaoithe agus acmhainn ionchasach maidir le fuinneamh gaoithe (i megaiteata); agus*

*3) Go léirítear comhlíonadh mionsonraithe le mír uimhir (2) thuas in aon togra a dhéanann siad chun achar nó achair leagtha siar éigeantach sainordaitheacha a thabhairt isteach nó a athrú le haghaidh tuirbíní gaoithe ó úsáidí talún sonraithe nó ó aicmí úsáide talún ina bplean forbartha nó i bplean limistéir áitiúil. Beidh togra den sórt sin faoi réir ag ceanglais maidir le measúnacht ar an Chomhshaol, mar shampla faoi threoracha na farraige agus na ngnáthóg. Beidh sé ina chúinse ábhartha fosta sa CSC, agus éifeachtaí dóchúla suntasacha a bheadh aige ar thosca aeráide á n-áirithiú, i dteannta le tosca eile amhail tírdhreach agus aer, más amhlaidh go gcruthódh leagan siar sainordaitheach nó athrú ar leagan siar sainordaitheach atá beartaithe ag údarás pleanála i bplean forbartha nó i bplean limistéir áitiúil teorannú nó srianta suntasacha ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear tuirbíní gaoithe, laistigh de limistéar riaracháin an phlean."*

**Go hachomair:**

Is é an chonclúid;

(1) Maidir le Mír 6.5 (a) go (e) de Dhréachtphlean Forbartha an Chontae 2018-2024 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017: -

- (i) Nach mbeidh sé i gcoinbhleacht le Treoirlínte Aireachta Alt 28 agus;
- (ii) Mar thoradh air bheadh meascán d'idirghníomhú neodrach/gan idirghníomhú dóchúil le/is dócha go bhfeabhsóidh sé stádas; na gCuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil; agus

- dá réir sin ní bheidh aon éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar an Chomhshaol mar thoradh air sin.

Agus;

(2) Ag féachaint do:-

- (i) Alt 28 (1C) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chuireann foráil go bhféadfadh ceanglais bheartais phleanála shonracha a bheith i dTreoirlínte lena mbaineann Alt 28(1) agus, d'ainneoin fho-alt (1), ceanglaítear ar údaráis phleanála agus ar an Bhord iad a chur i bhfeidhm i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna agus;
- (ii) Go n-áirithítear ceanglais bheartais phleanála ar leith sna Treoirlínte Eatramhacha d'Údaráis Phleanála a foilsíodh i mí Iúil 2017, mar a dhéantar breac-chuntas air in alt 1.2 den tuarascáil seo, a d'fhéadfadh cur i bhfeidhm Alt 28 (1C) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a thionscnamh i gcásanna iomchuí.
- (iii) Go n-áirithítear le hAirteagal 4(3) de na Treoirlínte go bhféadfaí aon togra chun achar nó achair leagtha siar do thuirbíní gaoithe a thabhairt isteach ó úsáidí talún sonraithe nó aicmí úsáide talún laistigh de Phleananna Forbartha a bheith ceadaithe faoi réir ag CSC a bheith curtha i gcrích (Uimh. 4(3) de na Treoirlínte Eatramhacha) agus go ndéanfaí breithniú ábhartha ar thograí den sórt sin sa CSC maidir le cé acu an gcruthódh an togra teorainn nó srian suntasach ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear feirmeacha gaoithe;

- Má ghlactar an Dréachtphlean, má tá Alt 6.5(f) den Dréachtphlean Forbartha Contae 2018-2024 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017 san áireamh ann, féadfaidh sé nach mbeidh sé i gcomhréir le treoirlínte ón Aire, Alt 28 dar teideal 'Treoirlínte Eatramhacha le haghaidh Pleanála Údaráis ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide', a foilsíodh i mí Iúil 2017 mar gheall ar gan cead a thabhairt don phlean a léiriú cén dóigh a rannchuideodh an plean i gcaitheamh a shaolré le spriocanna mar atá leagtha amach i mír 4(2) a bhaint amach nó is dócha go gcruthóidh Caighdeán 6.5(f) teorannú nó srian suntasach ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear tuirbíní gaoithe mar a léirítear ar na léarscáileanna atá in Aguisín F den tuarascáil seo agus ós rud é go dtiocfadh go mbeadh limistéar ró-shriantach agus teoranta talún fágtha mar 'Oscailte le Breithniú' maidir le tograí fuinnimh gaoithe laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún na nGall agus leis sin:
  - (i) Dhéanfadh sé tacaíocht fhéideartha na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Aeráide 2007-2012 a laghdú go suntasach, agus mar thoradh air is dócha go mbeadh coinbhleacht ann nach maolófar é go leibhéal inghlactha (CSC: AC1);
  - (ii) Dhéanfadh sé laghdú suntasach ar rannchuidiú féideartha na Comhairle maidir le gach gach cineál truailliú aeir a laghdú, sa mhéid go dtiocfadh go bhféadfadh coinbhleacht dhóchúil nach dócha go maolófar é go leibhéal inghlactha (CSC: AC2) agus;
  - (iii) Bheadh laghdú suntasach ar thacaíocht fhéideartha na Comhairle agus cur chun cinn ar aistriú ó fhuinneamh ag brath ar bhreosla iontaise go fuinneamh níos inbhuanaithe ar dócha go mbeadh coinbhleacht dhóchúil mar thoradh air nach dócha go maolófaí é go leibhéal inghlactha (CSC: AC3).

# Aguisín A


# Sainmhíniú ar 'chrios amharcthionchair (CAT) Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha

Is é an sainmhíniú ar 'chrios amharcthionchair (CAT) Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha' mar atá i Mír 6.6 de Chuid B: Aguisín 3 Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla den Dréacht PFC 2018-2024 a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017.

'Cuimsíonn nádúr amhairc agus timpeallachta Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha méid gheografach na páirce agus a garphurláin. Níor chóir glacadh ó léirmhíniú ar chur chun feidhme an bheartais ábhartha go mbaineann sé le tailte a raibh nasc amharc nó fisiciúil teoranta acu leis an bpáirc. Tá an dualgas ar an iarratasóir méid an tionchair ionchasaigh a bheadh ag forbairt fuinnimh ghaoithe bheartaithe ar an Pháirc Náisiúnta a léiriú.'

# Aguisín B

# Léarscáil i dtaca le Cumhdach Aerfort Dhún na nGall




Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Draft County Donegal Development Plan 2018- 2024
Dréacht Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024

Map 5.1.13: Donegal Airport Safeguarding
Léarscáil 5.1.13: Aerfort a Chosaint Léarscáil

1 & 2 Transitional Surfaces Maximum Elevation 47.88m
1 & 2 Dromchlaí Idirchriosacha Uas-Airde 47.88m

3 & 4 ILS Transitional Surfaces Maximum Elevation 302.88m
3 & 4 Dromchlaí Idirchriosacha CTT (Córas Tuirlingthe Treoraithe) Uas-Airde 302.88m

5 Approach Surfaces @ 3.33% Maximum Elevation 86.21m
5 Dromchlaí Isteach @3.33% Uas-Airde 86.21m

6 Approach Surfaces @ 2.5% Maximum Elevation 84.43m
6 Dromchlaí Isteach @ 2.5% Uas-Airde 84.43m

7 Approach Surfaces @ 4% Maximum Elevation 444.43m
7 Dromchlaí Isteach @ 3% Uas-Airde 444.43m

Take Off Surfaces @ 4%
8 Maximum Elevation 102.88m
9 Maximum Elevation 109.43m
Dromchlaí Imeachta @ 4%
8 Uas-Airde 102.88m
9 Uas-Airde 109.43m

10 & 11 Inner Horizontal Surfaces Maximum Elevation 47.88m
10 & 11 Ion-Dromchlaí Cothrománacha Uas-Airde 47.88m

12 & 13 Conical Surfaces @ 3% Maximum Elevation 107.88m
12 & 13 Dromchlaí Cónúla @ 5% Uas-Aidre 107.88m

14 Missed Approach Surfaces @ 2.5% Maximum Elevation 302.88m
14 Dromchlaí Ascraimh Iomrall @ 2.5% Uas Aidre 302.88m

0 1km 2.5km 5km

# Aguisín C


# Léarscáil 8.2.1 (Fuinneamh Gaoithe) den Dréacht PFC 2018-2024

**Draft County Donegal Development Plan 2018 - 2024**

**Dréacht Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 - 2024**

**Map 8.2.1 / Léarscáil 8.2.1**

**Wind Energy**
**Fuinneamh Gaoithe**




# Legend

- Acceptable for augmentation of/improvements to existing windfarms. Glacadh le mhéadaithe/feabhsúchái ar feirmeacha gaoithe reatha inghlactha do mhéadaithe de / feabhsúcháin ar ann cheana féi feirmeacha gaoithe.
- Not acceptable / Ní ghlactar le
- Open to consideration / Oscailte do bhreithniú
- 38 Kv station / Stáisiún 38Kv
- 38 Kv Line / Líne 38 Kv
- 110 Kv Station / Stáisiún 110 Kv
- 110 Kv Line / Líne 110Kv
- 110 Kv Reinforcement Line - Operational from 2012 / Líne Átreisiúcháin 110 Kv - i bhfeidhm ó 2012

Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

# Aguisín D


## Suíomh na SACanna agus na SPA-anna forluite ar léarscáil 8.2.1 (Fuinneamh Gaoithe) den Dréacht PFC 2018-2024

**Draft County Donegal Development Plan 2018 - 2024**

**Dréacht Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 - 2024**

**Map 8.2.1 / Léarscáil 8.2.1**

**Wind Energy**
**Fuinneamh Gaoithe**




## Legend

- Open to consideration / Oscailte do bhreithniú
- Not acceptable / Ní ghlactar le
- Acceptable for augmentation of/improvements to existing windfarms. / Glacadh le méadaithe/feabhsúcháin ar feirmeacha gaoithe reatha inghlactha do mhéadaithe de / feabhsúcháin ar ann cheana féin feirmeacha gaoithe.
- Special Area of Conservation / Réimse speisialta caomhnaithe
- Special Protection Area / Limistéar Cosanta Speisialta

Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

# Aguisín E

# Suíomh na Sé Cinn d'Abhantracha do Dhiúilicíní Péarla Fionnuisce (I.R. 296 de 2009) Forluite ar Léarscáil 8.2.1 (Fuinneamh Gaoithe) den Dréacht PFC 2018-2024

**Draft County Donegal Development Plan 2018 - 2024**


**Dréacht Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 - 2024**

**Map 8.2.1 / Léarscáil 8.2.1**

**Wind Energy**
**Fuinneamh Gaoithe**

# Legend

- Open to consideration / Oscailte do bhreithniú
- Not acceptable / Ní ghlactar le
- Acceptable for augmentation of/improvements to existing windfarms. / Glacadh le méadaithe/feabhsúcháin ar feirmeacha gaoithe reatha inghlactha do méadaithe de / feabhsúcháin ar ann cheana féin feirmeacha gaoithe.
- Freshwater Pearl Mussel Catchment




Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

# Aguisín F

## 3 Chás le haghaidh Airde Barr Tuirbín Forluite ar Léarscáil 8.2.1 (Fuinneamh Gaoithe) den Dréacht PFC 2018-2024


(i) Airde barr tuirbín 100m
(ii) Airde barr tuirbín 150m
(iii) Airde barr tuirbín 200m

**Draft County Donegal Development Plan 2018 - 2024**

**Dréacht Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 - 2024**

**Scenario (i)**

**Implementation of section 6.5(f) in the case of tubine tip heights of 100m**




## Legend

- Open to consideration / Oscailte do bhreithniú
- Not acceptable / Ní ghlactar le
- Acceptable for augmentation of/improvements to existing windfarms. / Glacadh le mhéadaithe/feabhsúcháin ar feirmeacha gaoithe reatha Inghlactha do mhéadaithe de / feabhsúcháin ar ann cheana féin feirmeacha gaoithe.
- 100m tip height area of influence


Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Draft County Donegal Development Plan 2018 - 2024

Dréacht Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 - 2024

Scenario (ii)

Implementation of section 6.5(f) in the case of tubine tip heights of 150m





Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

**Draft County Donegal Development Plan 2018 - 2024**

**Dréacht Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018 - 2024**

**Scenario (iii)**

**Implementation of section 6.5(f) in the case of tubine tip heights of 200m**




## Legend

- Open to consideration / Oscailte do bhreithniú
- Not acceptable / Ní ghlactar le
- Acceptable for augmentation of/improvements to existing windfarms. / Glacadh le mhéadaithe/feabhsúcháin ar feirmeacha gaoithe reatha inghlactha do mhéadaithe de / feabhsúcháin ar ann cheana féin feirmeacha gaoithe.
- 200m tip height area of influence

Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall